



Tacaí atá ar fáil do dhaoine ar Íocaíocht Chuardaitheora Poist

Tá roinnt áirithe tacaí ar fáil do dhaoine ar íocaíocht chuardaitheora poist chun cuidiú leo gabháil le deiseanna fostaíochta, fiontraíochta, oiliúna agus oideachais. Leagtar amach achoimre ghearr anseo thíos. Chun a thuilleadh eolais a fháil ar na scéimeanna a liostaítear thíos, logáil isteach ar www.welfare.ie nó déan teagmháil le d'Ionad Faisnéise Áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo Áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe Áitiúil.

I Lárionad Intreo, dréachtaíonn Cásóifighean plean pearsanta ar dhul chun cinn leis an gcustaiméir. Is éard a bhíonn sa phlean seo ná gníomhartha fostaíochta agus gníomhartha oiliúna a chomhaontaítear idir an custaiméir agus an Cásóifighean, a n-aontaíonn an custaiméir go dtabharfaidh sé/sí fúthu chun post a bhaint amach sa todhchaí.

Íocaíocht Chuardaitheora Poist

Chun cáliú d'íocaíocht chuardaitheora poist, ní mór duit a bheith dífhostaithe, i gcumas oibre, ar fáil chun obair lánaimseartha a dhéanamh agus dáiríre ar lorg oibre. Ní mór duit é a chur in iúl don Roinn:

- má fhaigheann tú obair nó mura mbíonn tú ar fáil a thuilleadh chun dul i mbun oibre,
- má thagann athruithe ar bith ar d'ioncam, d'acmhainn nó ar ioncam nó acmhainn do chéile, do pháirtnéara sibhialta nó do chomhchónaitheora,
- má thagann athruithe eile ar bith ar do dhálaí,
- má bhíonn sé de rún agat nó ag do chleithiúnaithe an tír a fhágáil,
- má thosaíonn tú nó do chéile, do pháirtnéir sibhialta nó do chomhchónaitheoir cúrsa staidéir, oideachais nó oiliúna.

Tacaí Fostaíochta

Cad a tharlaíonn má fhaighim tréimhse ghearr oibre nó cúrsa gearr oiliúna?

Má shíníonn tú amach as an mBeochlár chun dul i mbun oibre nó chun dul ar chúrsa gearr oiliúna (ar feadh tréimhse nach mó ná 12 sheachtain), ní dhúnfar d'éileamh. **Ní mór** duit é a chur in iúl do Lárionad Intreo Áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe Áitiúil sula rachaidh tú i mbun na hoibre nó i mbun an chúrsa. Mura ndéantar amhlaidh, cuirfear moill ar d'éileamh a fháil ar ais ar bhonn íocaíochta.

Tacaí do dhaoine atá ag filleadh ar obair/ar lorg oibre

An féidir a bheith ag obair go páirtaimseartha agus an íocaíocht chuardaitheora poist a choimeád?

Má thosaíonn tú ag obair ar bhonn ócáideach nó páirtaimseartha, is minic ar féidir gach pìoc nó cuid áirithe de d'íocaíocht chuardaitheora poist a choimeád de réir na laethanta a oibríonn tú agus de réir leibhéal an phá a fhaigheann tú. Ní mór duit é a insint do do Lárionad Intreo Áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe Áitiúil má bhíonn tú chun tosú ag obair.

Ní mór duit na coinníollacha go léir den Liúntas Cuardaitheora Poist nó Sochar Cuardaitheora Poist a chomhlíonadh. Mar shampla, ní mór duit leanúint d'obair lánaimseartha a lorg agus, má bhíonn tú ar Liúntas Cuardaitheora Poist, an tástáil acmhainne a chomhlíonadh.

Más duine féinfhostaithe thú agus má chríochnaíonn do ghnó nó má bhíonn tú ar ioncam íseal, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar an Liúntas Cuardaitheora Poist faoi réir tástála acmhainne.

Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT)

Is éard atá sa FIT ná íocaíocht sheachtainiúil atá saor ó cháin agus atá ar fáil d'oibrithe ar phá íseal, a bhfuil leanbh cleithiúnach ar a laghad acu.

Chun cáiliú don FIT, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- ní mór meánioncam seachtainiúil do theaghlaigh a bheith faoi bhun teorann áirithe (bunaithe ar líon do theaghlaigh),

agus

- ní mór duit a bheith i bhfostaíocht ar phá ar feadh 19 n-uaire an chloig sa tseachtain nó 38 n-uaire an chloig sa choicís ar a laghad. Ní foláir nó go bhfuil gach dealramh ann go mairfidh an fhostaíocht trí mhí.

Is éard atá sa mhéid airgid a fhaigheann tú ná 60% den difríocht idir ioncam seachtainiúil do theaghlaigh agus an teorainn ioncaim a bhaineann le líon do theaghlaigh. Tá ioncam seachtainiúil an teaghlaigh comhdhéanta de mheán-ghlantuilleamh inmheasúnaithe agus aon ioncam eile a fhéadfaidh a bheith ag do theaghlach.

Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha

Ceadaíonn an scéim seo do roinnt daoine dífhostaithe fadtréimhseacha dul le hobair pháirtaimseartha ar feadh níos lú ná 24 huaire an chloig sa tseachtain agus cáiliú do liúntas seachtainiúil in ionad a n-íocaíochta cuardaitheora poist. Ní foláir nó go mbíonn gach dealramh ann go mairfidh an fhostaíocht pháirtaimseartha dhá mhí ar a laghad. Ar dtús, beidh cead agat fanacht ar an Scéim seo go ceann bliana, ach féadfar é seo a shíneadh go ceann tréimhse eile. Le linn duit a bheith ar an scéim, ní mór duit leanúint den obair lánaimseartha a lorg. Thairis sin, is féidir go gcáileoidh tú don Fhorlíonadh Ioncaim Teaghlaigh.

Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair

Cuireann an Scéim Díbhinne Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair tacaíocht airgeadais ar fáil do dhaoine a fhaigheann Íocaíocht Chuardaitheora Poist agus Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora a bhfuil leanaí acu, a chríochnaíonn a n-éileamh agus atá i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht nó atá ag dul le fostaíocht nó le féinfhostaíocht.

Má chomhlíonann tú critéir intofachta na scéime, beidh tú i dteideal íocaíocht sheachtainiúil a fháil go ceann suas le dhá bhliain tar éis dheireadh d'éilimh leasa shóisialaigh.

Is féidir go mbeidh tú intofa don scéim má tá tú faoi bhun 66 bliana d'aois, má tá leanbh cáilithe amháin ar a laghad agat agus má tá tú ar cheann de na híocaíochtaí seo a leanas:

- Sochar nó Liúntas Cuardaitheora Poist ar feadh 12 mhí ar a laghad go hiomlán (agus 6 mhí ar a laghad sa bhliain dheireanach),
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora,
- Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist.

Ní mór do do theaghlach scor den leas sóisialach (seachas an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh agus an Sochar Linbh) trí bheith i bhfostaíocht nó i bhféinfhostaíocht nó dul le fostaíocht nó le féinfhostaíocht.

Na Chéad Chéimeanna - Intéirneachtaí Forbartha don Aos Óg

Is cuid de Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh don Aos Óg é clár na gCéad Chéimeanna agus tairgfídh an clár deis do dhuine óg idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois, atá ar bheagán taithí oibre nó gan aon taithí oibre, ar scileanna bunúsacha oibre agus sóisialta a fhoghlaim le linn dó/di a bheith ar shocrúchán i gcúinsí ón bhfíorshaol oibre.

Is ar bhonn saorálach go hiomlán a ghlactar páirt sa scéim cé go dtairgfear socrúcháin agus spreagfar iarrthóirí oiriúnacha le páirt a ghlacadh dá réir sin.

Chun cáiliú do rannpháirtíocht ar na Chéad Chéimeanna, ní mór d'iarrthóir:

- A bheith idir 18 agus 24 de bhlianta d'aois,

agus

- A bheith dífhostaithe le 12 mhí anuas ar a laghad.

nó

- Má bhíonn an t-iarrthóir dífhostaithe le níos lú ná 12 mhí, ní foláir nó go mbreithníonn Cásoifigeach gurb ann do bhacainn mhór roimh an iarrthóir ó thaobh a (h)iarrachtaí ar obair a fháil,

agus

- A bheith tarchurtha ag Cásoifigeach.

Áirítear na cinn seo a leanas leis na híocaíochtaí cáiliúcháin chun páirt a ghlacadh sna Chéad Chéimeanna:

- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Sochar Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Íocaíocht Eatramhach Chuardaitheora Poist
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Síniú i gcomhair Creidmheasanna

Áireofar am a chaitear ar Chláir Ghníomhacha don Mhargadh Saothair ó thaobh na hintofachta do na Chéad Chéimeanna, ar chuntar go bhfuil an clár críochnaithe go hiomlán agus go raibh an duine 18 mbliana d'aois nó os a chionn sin nuair a bhí sé/sí ar an gclár agus go bhfuil íocaíocht á fáil aige/aici díreach roimh an socrúchán ar na Chéad Chéimeanna.

EURES

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach EURES, Líonra na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta, chun éascaíocht a dhéanamh do shaorghluaiseacht na n-oibrithe idir tíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/ tíortha an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh (LEE). Is éard atá in EURES ar leibhéal na hEorpa ná líonra comhoibritheach arna chruthú ag na seirbhísí poiblí fostaíochta sna tíortha ar fad den AE/LEE agus é comhdhéanta de bhreis agus 1000 comhairleoir EURES oilte agus de bhunachar Eorpach sonraí maille le níos mó ná milliún deis fostaíochta ar fud na hEorpa www.eures.europa.eu.

In Éirinn, is í Rannóg na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta de chuid na Roinne Coimirce Soisialaí a chomhordaíonn EURES. Tá 16 Chomhairleoir EURES suite ar fud na hÉireann ar féidir teagmháil a dhéanamh leo trí na Lárionaid Intreo áitiúla.

Tacaíonn comhairleoirí EURES leis an lucht cuardaigh fostaíochta agus na fostóirí in Éirinn, ar mian leo leas a bhaint as deiseanna fostaíochta agus earcaíochta ar leibhéal níos leithne i Margadh Saothair na hEorpa.

Tá an clár 'Taithigh an Eoraip' á chur i ngníomh faoi láthair ag EURES Éireann.

Cuirtear dhá rogha chun cinn faoin gclár 'Taithigh an Eoraip'.

Rogha 1: Do chéad Phost EURES

Trí do chéad phost EURES, is féidir le cuardaitheoirí poist atá idir 18 agus 35 de bhlianta d'aois cáiliú do thacaíocht airgeadais ar mhaithe le turas agallaimh thar lear, nó ar mhaithe le costais athlonnúcháin agus iad ag dul i mbun poist i dtír eile den AE. (Ní mór duit iarratas a dhéanamh roimh duit taisteal i gcomhair agallaimh nó roimh duit athlonnú).

Rogha 2: Clár na Socrúcháin Comhurráithe

Tacaíonn Clár na Socrúcháin Comhurráithe le cuardaitheoirí poist atá idir 18 agus 35 de bhlianta d'aois dul i mbun socrúcháin oibre i dtír Eorpach eile go ceann suas le 12 mhí. I rith an ama seo is é EURES Éireann agus an fostóir a mbeidh an socrúcháin oibre á thairiscint aige/aici a dhéanfaidh comhurráíocht ar an gcuardaitheoir poist. Cuireann an clár seo deiseanna ar fáil do chuardaitheoirí poist d'fhonn taithí a ghnóthú agus cur lena gcuid scileanna sa ghairm a roghnaíonn siad. Méadóidh an taithí a ghnóthófar a gcuid deiseanna fostaíochta nuair a fhillfidh siad ar Éirinn.

Más mian leat a thuilleadh eolais a fháil ar aon cheann de na tacaí agus na seirbhísí a chuireann EURES ar fáil, cuir ríomhphost, le do thoil, chuig eures@welfare.ie.

Fostaíocht Phobail (FP)

Scéim fostaíochta páirtaimseartha is ea Fostaíocht Phobail (FP). Cabhraíonn an scéim le daoine atá dífhostaithe le fada dul isteach arís sa líon gníomhach saothair trína dtaithí ar an dífhostaíocht a bhriseadh trí fhilleadh ar ghnáthamh oibre.

Cabhróidh an clár leat do scileanna pearsanta agus do scileanna sóisialta araon a fhorbairt. Tá dhá rogha ann:

- comhtháthú páirtaimseartha (1 bhliain amháin), agus
- scéim um post páirtaimseartha (suas le 3 bliana).

Oibríonn tú, ar meán, 19.5 huairé an chloig gach seachtain. Chun cáiliú don chlár, ní mór íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bheith á bhfáil agat le 12 mhí anuas nó níos mó.

Tús

Is scéim um shocrúcháin oibre sa phobal é Tús. Soláthraíonn an scéim deiseanna gearrthréimhseacha oibre in eagraíochtaí pobail agus in eagraíochtaí deonacha, i gceantair uirbeacha agus i gceantair tuaithe araon. Oibríonn rannpháirtithe, ar meán, 19.5 huairé an chloig sa tseachtain ar feadh 12 mhí.

Chun a bheith intofa chun páirt a ghlacadh sa Tús, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

- Ní mór do dhuine a bheith dífhostaithe go leanúnach le 12 mhí anuas agus an Liúntas Cuardaitheora Poist a bheith á fháil faoi láthair aige/aici,
- nó**
- Ní mór do dhuine a bheith ag fáil na hÍocaíochta Eatramhaí Cuardaitheora Poist. Ní bhaineann aon tréimhse cháiliúcháin leis an Íocaíocht Eatramhach Cuardaitheora Poist.

Tairseach (Gateway)

Is scéim ghníomhachtúcháin an tsaothair í Tairseach a sholáthraíonn deiseanna gearrthréimhseacha oibre i gComhairlí Cathrach agus Contae, ar feadh, ar meán, 19.5 huairé an chloig sa tseachtain i rith tréimhse 22 mhí.

Ní mór do rannpháirtithe:

- A bheith dífhostaithe go leanúnach le 24 mhí anuas agus an Liúntas Cuardaitheora Poist a bheith á fháil faoi láthair aige/aici,
- nó**
- A bheith ag fáil na hÍocaíochta Eatramhaí Cuardaitheora Poist. Ní bhaineann aon tréimhse cháiliúcháin leis an Íocaíocht Eatramhach Cuardaitheora Poist.

Scéim Shóisialta na Tuaithe

Cuireann an scéim seo tacaíocht ioncaim ar fáil d'fheirmeoirí agus d'iascairí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar leith. Dá thoradh sin, baineann pobail áitiúla tairbhe as an obair a dhéanann rannpháirtithe i Scéim Shóisialta na Tuaithe.

Tá liosta anseo thíos de chuid de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhaineann le hábhar:

- Cleithiúnaithe Aosaithe custaiméirí ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe más feirmeoirí gníomhachad iad
- Pinsean na nDall
- Sochar/Liúntas Banchéile Thréigthe
- Liúntas Míchumais
- Cúnamh Feirme
- Liúntas Cuardaitheora Poist nó Íocaíocht Eatramhach Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

Tacaí Fiontraíochta

Liúntas Gearrthréimhseach Fiontraíochta

Tugann an Liúntas Gearrthréimhseach Fiontraíochta tacaíocht duit más mian leat do ghnó féin a chur ar bun. Chun cáiliú don liúntas seo, ní mór Sochar Cuardaitheora Poist a bheith á fháil agat. Cuirtear an Liúntas in áit do Shochair Cuardaitheora Poist trína mhacasamhail de mhéid airgid a íoc gach seachtain. Má fhaomhtar é, beidh an liúntas seo iníochta go ceann na coda eile de d'éileamh ar Shochair Cuardaitheora Poist.

Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Ligeann an íocaíocht seo dóibh siúd atá dífhostaithe le fada a n-íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád le linn dóibh gnó a chur ar bun.

Féadfaidh tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh iomlán a fháil sa chéad bhliain agus trí cheathrú den íocaíocht a fháil sa dara bliain.

Chun cáiliú don liúntas, ní mór do Chuideachta Forbartha Áitiúla an gnó a chuireann tú ar bun a mholadh agus ní mór do Chásoifigeach an gnó sin a fhaomhadh i scríbhinn roimh ré, agus ní mór Liúntas Cuardaitheora Poist, nó Sochar Cuardaitheora Poist (maille le bunteidlíocht ar Liúntas Cuardaitheora Poist) a bheith á fháil agat le 9 mí anuas ar a laghad nó ceann

eile de na híocaíochtaí cáiliúcháin a bheith á fháil agat le 12 mhí anuas ar a laghad.

Tacaí Oiliúna

Lionraí Scileanna (Skillnets)

Maoiníonn Lionraí Scileanna an Clár Tacaíochta do Chuardaitheoirí Poist, rud atá ar fáil do dhaoine dífhostaithe. Cuireann sé oiliúint le socrúchán oibre.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.skillnets.ie.

Lingchlár (Springboard)

Tairgeann an tionscnamh ardoideachais seo rogha cúrsaí lánaimseartha nó páirtaimseartha duit, lena n-áirítear teastais, céimeanna, cláir iarchéime agus cláir mháistreachta. Tairgeann Lingchlár cúrsaí in earnálacha amhail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), Earnáil na bhFeistí Leighis, Bithchógaisíocht, Earnáil na Cógaisíochta Ceimicí, Fuinneamh Glas agus earnálacha eile.

Chun a thuilleadh eolais a fháil ar Lingchlár, logáil isteach ar www.springboardcourses.ie.

Cúrsa Faofa Oiliúna

Tá áiteanna ar chúrsaí faofa oiliúna (Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO)) ar oscailt do chách.

Má fhaigheann tú íocaíocht agus má dhéanann tú iarratas ar áit ar chúrsa faofa oiliúna, gheobhaidh tú liúntas oiliúna ón údarás oiliúna i leith thréimhse an chúrsa.

Ina theannta sin, is féidir leat leas a bhaint as cúrsa faofa oiliúna má tá tú ag síniú i gcomhair creidmheasanna ach níl aon liúntas oiliúna iníochta, áfach, le custaiméirí atá ag síniú i gcomhair creidmheasanna amháin. Cabhraíonn cúrsaí páirtaimseartha nó lánaimseartha le forbairt a dhéanamh ar do scileanna agus d'eolas i raon leathan réimsí.

Rogha Oideachais Pháirtaimseartha

Ceadaíonn an Rogha Oideachais Pháirtaimseartha duit do Liúntas nó do Shochair Cuardaitheora Poist a choimeád le linn duit freastal ar chúrsa páirtaimseartha oideachais nó oiliúna de ló nó d'óiche nó ar chúrsa cianoideachais nó cianoiliúna.

Ní mór duit cead a iarraidh ó do Lárionad Intreo áitiúil nó ó d'Oifig Chraobhe áitiúil roimh duit an cúrsa a thosú.

Chun an cúrsa a cheadú, ní foláir nó gur deimhin leis an Oifigeach Breithiúnachta gur dócha go gcuirfidh an cúrsa feabhas ar do dheiseanna ar phost a fháil.

Clár um Fhilleadh ar Oideachas

Tacaíonn an clár seo leat páirt a ghlacadh i gcúrsaí oideachais agus forbartha pearsanta (ar an dara leibhéal nó ar an tríú leibhéal) a chabhróidh leat post a fháil.

Chun cáiliú don chlár:

- níorbh fholáir nó gur glacadh leat ar chúrsa cáiliúcháin,
- i gcoitinne, ní foláir duit a bheith os cionn 21 bhliain d'aois,
- i dtaca le cúrsaí iarchéime áirithe, ní foláir duit a bheith 24 bliana d'aois,
- ní foláir duit a bheith ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe.

Is ann do chúig chlár um Fhilleadh ar Oideachas agus déantar cur síos orthu seo thíos mar a leanas:

1. Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

Tacaíonn an clár seo leat páirt a ghlacadh i gcúrsaí lánaimseartha oideachais (ar an dara leibhéal nó ar an tríú leibhéal) chun cáilíochtaí a bhaint amach a chabhróidh leat post a fháil.

Chun cáiliú don chlár:

- ní foláir nó go molann Cásoifigeach go nglacfaidh tú páirt,
- ní foláir nó go nglactar leat ar chúrsa cáiliúcháin,
- ní foláir duit a bheith os cionn 21 bhliain d'aois,
nó
 - ní foláir duit a bheith idir 18 agus 21 de bhlianta d'aois agus ní foláir thú a bheith imithe as an oideachas foirmiúil le 2 bhliain ar a laghad,**nó**
 - ní foláir duit a bheith os cionn 24 bliana d'aois i dtaca le cúrsaí iarchéime áirithe,
- ní foláir duit a bheith ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe,
agus
 - ní foláir duit a bheith ag obair i dtreo cáilíochta ar chúrsa faofa.

2. Rogha Dara Leibhéal

Is féidir leat freastal ar chúrsa oideachais dara leibhéal in aon mheánscoil, aon phobalscoil, aon scoil chuimsitheach nó aon ghairmscoil. Ní foláir an cúrsa a

bheith lánaimseartha agus ní foláir nó gurb é an toradh a bheidh air ná teastas arna aithint ag an Roinn Oideachais agus Scileanna nó arna fhaomhadh ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, mar shampla, Teastas Sóisearach, Ardteistiméireacht, Iar-Ardteistiméireacht nó Cúrsa Rochtana nó Bonnchúrsa.

3. Rogha Tríú Leibhéal

Is féidir leat freastal ar chúrsa tríú leibhéal in aon ollscoil, aon choláiste tríú leibhéal nó aon institiúid tríú leibhéal in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann, fad is atá an cúrsa ina chúrsa lánaimseartha lae agus fad is atá sé faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i dtaca le deontas do mhac léinn agus/nó aitheanta ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

4. Rogha Iarchéime

Is do chustaiméirí atá 24 bliana d'aois agus os a chionn sin ar mian leo tabhairt faoi chúrsa staidéir iarchéime a mbeidh cáilíocht Ard-Diplóma i ndisciplín ar bith, nó Máistir Gairmiúil Oideachais, mar thoradh air, atá an rogha seo agus dóibh sin amháin.

Chun iarratas a dhéanamh ar an Rogha Iarchéime, ní foláir íocaíocht cháiliúcháin leasa shóisialaigh a bheith á fáil ag iarratasóir le 9 mí (234 lá) agus, i gcás an Mháistir Ghairmiúil Oideachais, ní foláir íocaíocht cháiliúcháin a bheith á fáil ag iarratasóir le 12 mhí (312 lá).

Níl ach cúrsaí iarchéime in Éirinn intofa don Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.

5. Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha

Faoin Rogha Oideachais, Oiliúna agus Forbartha, féadfaidh tú leanúint de do Liúntas Cuardaitheora Poist nó do Shochar Cuardaitheora Poist a fháil le linn duit freastal ar chúrsaí áirithe oideachais, oiliúna nó forbartha fad is a chomhlíonfaidh tú coinníollacha áirithe.

Ní foláir duit cead a iarraidh ó do Chásoifigeach i do Lárionad Intreo áitiúil nó i d'Oifig Chraoibhe áitiúil roimh duit an cúrsa a thosú.

Sochair Eile agus Sochair Thánaisteacha

Mo Shochair Thánaisteacha a Choimeád

Is féidir go mbeidh tú in ann do shochair thánaisteacha a choimeád, amhail forlionsaí cíosa/ úis mhorgáiste, i ndálaí áirithe, i gcás ina mbeidh tacaíocht ghníomhachtúcháin á cur ar fáil.

Má fhaigheann tu forlíonadh cíosa nó forlíonadh úis mhorgáiste agus má dhéanann tú machnamh ar pháirt a ghlacadh in aon cheann de na scéimeanna tacaíochta oideachais nó fostaíochta seo, is cóir duit teagmháil a dhéanamh leis an oifigeach a phléann le d'éileamh chun go soiléireofar do theidlfóchtaí.

Liúntas Forlíontach Leasa

Tá an Liúntas Forlíontach Leasa dírithe ar dhaoine nach leor a n-acmhainn chun freastal ar a riachtanais ná ar riachtanais a gcleithiúnaithe. Is féidir gurb éard atá sa Liúntas Forlíontach Leasa ná íocaíocht bhunúsach agus/nó forlíonadh i leith costas áirithe nach bhfuil duine in ann íoc astu.

Má rinne tú éileamh ar shochar nó ar phinsean leasa shóisialaigh ach murar íocadh go fóill í agus más amhlaidh nach bhfuil aon ioncam eile agat, is féidir go gcáileoidh tú do Liúntas Forlíontach Leasa le linn duit a bheith ag feitheamh le d'íocaíocht.

Liúntas Forlíontach Leasa a íoc sula dtosófar ar phá a íoc

I gcásanna ina bhfuil an fhostaíocht tosaithe ag duine agus ina bhfuil sé d'fhiacha ag an duine sin seachtain/coicís srl. oibre a dhéanamh sula dtosófar ar phá a íoc, is féidir, i ndálaí áirithe a fhorordófar, go n-íocfaidh an tSeirbhís Leasa Phobail an Liúntas Forlíontach Leasa i leith tréimhse nach mó ná 30 lá tar éis don duine an fhostaíocht a thosú. Déantar é seo chun cabhrú le duine ó thaobh foinsé éigin ioncaim a bheith ar fáil dó/di go dtí go bhfaighidh sé/sí a chéad phá.

Forlíonadh Cíosa

Íoctar an Forlíonadh Cíosa le daoine a chónaíonn i gcóiríocht phríobháideach ar cíos nach bhfuil in ann íoc as costas a gcóiríochta óna n-acmhainn féin.

I gcoitinne, is féidir go gcáileoidh tú d'Fhorlíonadh Cíosa más é an t-aon ioncam amháin atá agat ná íocaíocht leasa shóisialaigh agus má chomhlíonann tú coinníollacha eile.

Cinntoidh an méid airgid a íocfar mar Fhorlíonadh Cíosa nach dtitfidh, de ghnáth, d'ioncam faoi bhun íosluacha tar éis duit an cíos a íoc.

Níl an Forlíonadh Cíosa ceaptha ach a bheith ina thaca gearrthréimhseach tithíochta. Má tá riachtanas

fadtréimhseach tithíochta ort, is féidir go bhfreastalóidh an tUdarás Áitiúil i do cheantar ar an riachtanas sin trí Íocaíocht Chúnamh Tithíochta atá ar fáil ar fud na tíre.

Is féidir sonraí breise a fháil ar www.hap.ie.

Seirbhísí Litearthachta d'Aosaigh

Soláthraíonn an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh cabhair ar bhonn rúnda príobháideach do dhaoine fásta a mbíonn deacrachtaí acu maidir leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht, an litriúchán agus an uimhearthacht, maidir le foirmeacha a líonadh agus maidir le litreacha a scríobh. Tairgtear an teagasc saor in aisce ar bhonn “duine le duine” nó ar bhonn beag-ghrúpa.

Déan teagmháil le do Bhord Oideachais agus Oilíúna.

Cárta Leighis nó Cárta Cuirte Dochtúra

Is féidir go gcáileoidh tú do chárta leighis má chomhlíonann tú tástáil acmhainne.

Ligeann an cárta seo duit teacht ar shaorsheirbhísí Liachleachtóra Ghinearálta, drugaí agus cógais ordaithe, seirbhísí ospidéal phoiblí d'othair chónaitheacha agus d'othair sheachtracha, fearais leighis, seirbhísí fiacloireachta, súilchóireála and cluaise, seirbhísí máithreachais agus seirbhísí cúraim naíonán, chomh maith le seirbhísí maidir le haltra sláinte poiblí, oibrí sóisialta agus seirbhísí cúraim phobail eile.

Ligeann cárta cuairte dochtúra duit teacht saor in aisce ar sheirbhísí Liachleachtóra Ghinearálta.

Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)

Tugann an tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS) mionchomhairle ar d'fhiacha a bhainistiú. Is féidir léi comhairle a chur ort ó thaobh idirbheartaíochtaí le creidiúnaithe, agus roghanna malartacha aisíocaíochta i leith na bhfiach san áireamh. Thairis sin, is féidir léi eolas a thabhairt duit ar dhéileáil le riaráistí cíosa.

Tá líne chabhrach MABS 0761 07 2000 ar oscailt ó 9rn go 8in, ó Luan go hAoine. Oibríonn MABS líonra lárionad ar fud na tíre freisin, agus foireann sainchomhairleoirí airgid ag obair iontu.

Rogha Oibre Deonaí

Má dhéanann tú obair dheonach laistigh den Stát, féadfaidh tú leanúint de cháiliú d'íocaíocht chuardaitheora poist, ar chuntar go mbeidh tú fós ar fáil chun obair a dhéanamh agus dáiríre ar lorg oibre.

Is cóir duit foirm iarratais **VW 1**, atá ar fáil ar www.welfare.ie, a líonadh. Is cóir an fhoirm iarratais líonta a chur chuig do Lárionad áitiúil nó d'Oifig Chraobhe áitiúil agus déanfaidh Oifigeach Breithiúnachta cinneadh i dtaobh an bhféadfaidh tú glacadh leis an obair dheonach a bheidh i gceist, gan dul i bhfeidhm ar d'íocaíocht chuardaitheora poist.

Arna eisiúint ag:

Seirbhísí Eolais

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Bóthar an Choláiste

Sligeach

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar www.welfare.ie.
- Guthán: **(071) 919 3302**
Íosghlao: **1890 66 22 44**
Má tá tú ag gaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + **353 71 91 93302**.
- Buail isteach chuig d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.